Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2018
(OR. en)**

**10355/18**

**SAN 203
DENLEG 53
AUDIO 55
FISC 267
AGRI 311**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 22 Meitheamh 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9796/18 SAN 177 DENLEG 47 AUDIO 48 FISC 248 AGRI 269 |
| Ábhar: | Cothú folláin do leanaí: Todhchaí fholláin na hEorpa<br>- Conclúidí ón gComhairle (22 Meitheamh 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Cothú folláin do leanaí: Todhchaí fholláin na hEorpa, a ghlac an Chomhairle ag an 3625ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 22 Meitheamh 2018.

**Conclúidí ón gComhairle**

**Cothú Folláin do Leanaí: Todhchaí Fholláin na hEorpa**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1. MEABHRAÍTEAR DI go gcuirtear tús le céim nua sa phróiseas ionsar aontas buandlúite a chur ar bun idir pobail na hEorpa ina nglactar cinntí ar leibhéal chomh gar do na saoránaigh agus is féidir, agus gurb é is aidhm don Aontas dea-bhail a chuid pobal a chur chun cinn[1]. Ní mór do bheartais an Aontais, mar ábhar tosaíochta, freastal ar riachtanais agus ar leasanna na saoránach.

2. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil cúram sláinte ríthábhachtach ag an Aontas agus go bhfuil ag gach duine an ceart chun rochtain a fháil ar chúram sláinte coisctheach faoi na dálaí a bhunaítear le dlíthe agus le cleachtais náisiúnta, mar a fhoráiltear faoin gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[2].

3. MEABHRAÍTEAR DI go ndéanfar ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais[3].

4. MEABHRAÍTEAR DI, mar a leagtar síos *inter alia* sa Chairt Eorpach um Chomhshaol agus Sláinte[4], gur cheart tosaíocht ghlan a thabhairt do shláinte daoine agus pobal ar chúrsaí geilleagair agus trádála.

---

[1] Féach an dara mír d'Airteagal 1 agus Airteagal 3(1) CAE.

[2] IO L 326, 26.10.2012, lch. 391. Féach go háirithe Airteagal 35.

[3] Féach e.g. Airteagal 12 agus Airteagal 114(3) agus Airteagal 168(1) CFAE, agus Airteagal 35 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

[4] An Chairt Eorpach um Chomhshaol agus Sláinte, a ghlac Airí Comhshaoil agus Sláinte Bhallstáit EDS an Eoraip ar an 8 Nollaig 1989.

5. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil mar bhunluachanna ag an Aontas cultúir agus traidisiúin na mBallstát a urramú, mar a shainaithnítear sna Conarthaí[5].

6. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá gníomhaíocht an Aontais maidir le breisluach a chur le hiarrachtaí na mBallstát trí bheartais náisiúnta a chomhlánú, agus urraim á tabhairt ag an am céanna do na freagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir lena mbeartas sláinte a shainiú agus seirbhísí sláinte agus cúram liachta a eagrú agus a sholáthar, i gcomhréir le hAirteagal 168(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

7. MEABHRAÍTEAR DI, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh[6], go n-áiritheoidh na Stáit is Páirtithe a mhéid is féidir marthanas agus forbairt an linbh agus go n-aithneoidh siad an ceart atá ag an leanbh ar an gcaighdeán sláinte is fearr is féidir.

8. MEABHRAÍTEAR DI a thiomanta atá institiúidí agus Ballstáit uile an Aontais cearta an linbh a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh i mbeartas ábhartha an Aontais ar fad[7]. Sna gníomhaíochtaí uile a bhaineann le leanaí, arna ndéanamh ag institiúidí poiblí nó príobháideacha, tabharfar tús áite do leas an linbh. Éilítear, le tiomantas an Aontais, cur chuige comhleanúnach trasna gníomhaíochtaí agus tionscnaimh ábhartha ar fud an Aontais, faoi na Conarthaí, faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh mar bhonn coiteann do ghníomhaíochtaí uile an Aontais a bhaineann le leanaí.

---

[5] Féach e.g. an séú mír de bhrollach CAE: 'ÓS MIAN LEO an dlúthpháirtíocht idir a bpobail a neartú agus a stair, a gcultúr agus a dtraidisiúin á n-urramú acu', agus Airteagal 167(1) CFAE: 'Rannchuideoidh an tAontas le borradh chultúir na mBallstát, ag urramú a n-éagsúlacht náisiúnta agus réigiúnach agus ag tabhairt na comhoidhreachta cultúrtha chun suntais dó.'

[6] Arna ghlacadh agus arna oscailt lena shíniú, a dhaingniú agus a aontú ag Rún 44/25 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 20 Samhain 1989; tháinig i bhfeidhm ar an 2 Meán Fómhair 1990, i gcomhréir le hAirteagal 49.

[7] Féach go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 3(3) CAE agus Airteagal 6(a) CFAE, agus Airteagal 24(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

9. CUIREANN SÍ I dTREIS gur ar an nglúin óg a bhraitheann todhchaí na hEorpa, agus gur cheart do shláinte agus dea-fholláine a bheith ag croí-lár bhearta uile an Aontais go fírinneach, agus gur cheart measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag na tionscnaimh agus ag na bearta uile ar shláinte an duine, d'fhonn timpeallacht iomchuí a chruthú do stíl shláintiúil mhaireachtála. Is deis uathúil é an luathóige chun tionchar a imirt ar éifeachtaí saoil maidir le sláinte, cáilíocht saoil agus galair ainsealacha neamhtheagmhálacha a chosc[8].

10. AITHNÍONN SÍ go n-áirítear beartais choisctheacha ina ndírítear ar fhachtóirí lárnacha amhail aiste shláintiúil agus gníomhaíocht rialta choirp ar na hinfheistíochtaí is fearr i ndea-fholláine phearsanta glúine óig Eorpaí a bhfuil an tsláinte aici. Gach duine aonair, an tsochaí ina hiomláine agus an geilleagar, is chun a leasa a bheidh sé dea-fholláine phearsanta agus sláinte choirp agus mheabhrach leanaí a chaomhnú agus a chosaint. Aithnítear a thábhachtaí atá an cumas sláinte choirp agus mheabhrach a chaomhnú agus a bheith airdeallach ar chúrsaí sláinte agus ar an todhchaí sa Mholadh ón gComhairle maidir le hInniúlachtaí Lárnacha don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil[9].

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go spreagtar fás i ngeilleagar na hEorpa, córais sláinte inbhuanaithe agus córais cosanta sóisialta le hinfheistíocht mar sin, i gcomhréir le cuspóirí Straitéis Eoraip 2020[10].

12. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá fás sláintiúil agus forbairt shláintiúil leanaí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-áirítear dálaí a bhaineann leis an aiste bia amhail rómheáchan agus murtall ar na fachtóirí ar féidir leo tionchar a imirt ar shláinte láithreach linbh agus go mbaineann siad le gnóthachtáil oideachais agus cáilíocht saoil. Is ródhócha go mbeidh leanaí murtallacha murtallach mar dhaoine fásta freisin agus tá baol níos mó ann go mbuailfidh tinneas ainsealach iad.

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur dúshlán ó thaobh na sláinte de é murtall i leanaí, agus gur cheart é a mheas i gcomhthéacs níos ginearálta na dtosca a bhaineann le héagothromaíochtaí sláinte agus sóisialta.

---

8 Farpour-Lambert (2015): *Childhood Obesity Is a Chronic Disease Demanding Specific Health Care* – Ráiteas Seasaimh ó *Childhood Obesity Task Force (COTF)* [An Tascfhórsa maidir le Murtall i measc Leanaí] de chuid an *European Association for the Study of Obesity (EASO)* [An Cumann Eorpach um Staidéar ar Mhurtall].

9 Glactha ag an gComhairle ar an 22 Bealtaine 2018 (9009/2018) agus é le bheith foilsithe san IO L […].

10 *A European strategy for smart, sustainable and inclusive growth*, [Straitéis Eorpach do phoist agus don fhás cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach], Teachtaireacht ón gCoimisiún, 2010.

14. MEABHRAÍTEAR DI spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear an cuspóir maidir le feabhas a chur ar an gcothú agus an sprioc an mhortlaíocht anabaí ó ghalair ainsealacha neamhtheagmhálacha a laghdú faoi aon trian faoi 2030[11] agus plean gníomhaíochta domhanda 2013-2020 de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le galair ainsealacha neamhtheagmhálacha a chosc agus a rialú, lena ndírítear ar an mbaol mortlaíochta anabaí ó ghalair chardashoithíocha, ailse, diaibéiteas agus galair riospráide ainsealacha[12] a laghdú.

15. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil ceithre phríomhthoisc riosca i gceist le galair ainsealacha neamhtheagmhálacha (caitheamh tobac, neamhghníomhaíocht choirp, aistí bia neamhshláintiúla agus mí-úsáid alcóil*)* agus mar sin de, go bhfuil gá le níos mó gníomhaíochta maidir le cur chun cinn na sláinte agus chun galair a chosc.

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is ábhar imní di go bhfuil tionchar ag na treochtaí a bhfuiltear buartha fúthu ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le galair ainsealacha neamhtheagmhálacha atá ag éirí níos líonmhara ar cháilíocht saoil phearsanta agus shóisialta shaoránaigh an Aontais, agus gur féidir an tionchar sin a thomhas i dtéarmaí eacnamaíocha: brú níos mó ar na córais náisiúnta cúraim sláinte, tionchar ar bhuiséid an rialtais agus cumas laghdaithe a bhfuil cailliúint táirgiúlachta mar thoradh air[13].

---

11 Sa Rún ó na Náisiúin Aontaithe a ghlac an Comhthionól Ginearálta i mí Mheán Fómhair 2015. Féach go háirithe Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 3, sprioc 3.4.

12 Féach *Follow-up to the Political Declaration of the High-level Meeting of the General Assembly on the Prevention and Control of Non-communicable Diseases* [Gníomh Leantach an Dearbhaithe Pholaitiúil ó Chruinniú Ardleibhéil an Chomhthionóil Ghinearálta maidir le Galair Neamhthógálacha a Chosc agus a Rialú].

13 Féach e.g. *Obesity and the Economics of Prevention Fit not Fat* [Murtall agus Eacnamaíocht an Choisc: Folláine seachas Feolmhar], OECD 2010; *Obesity update* [Nuashonrúchán faoi mhurtall], OECD 2017; Pacáiste oibre WP 4: *Evidence (the economic rationale for action on childhood obesity)* [Fianaise (an réasúnaíocht eacnamaíoch le gníomhú i leith murtaill i measc leanaí)], JANPA 2016; *Health Promotion and Disease Prevention Knowledge Gateway* [Tairseach Eolais um Chur chun Cinn na Sláinte agus um Ghalair a Chosc] - an Coimisiún Eorpach, 2017.

17. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá cothú agus bia ó thaobh feabhas a chur ar shláinte na saoránach, mar a aithnítear go sainráite sna conclúidí a ghlac an Chomhairle, an tráth is déanaí maidir le hábhair a bhaineann le cothú agus gníomhaíocht choirp, feabhsú táirgí bia agus rómheáchan agus murtall i measc leanaí[14], dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hathfhoirmliú bia, soláthar poiblí agus margaíocht, i measc nithe eile. MEABHRAÍTEAR DI go n-aithnítear an dlúthghaol atá idir cothú agus galair ainsealacha neamhtheagmhálacha i nDearbhú Vín an 5 Iúil 2013[15] agus i *Europe European Food and Nutrition Action Plan 2015-2020*[16] [Plean Gníomhaíochta na hEorpa maidir le Bia agus Cothú 2015-2020] a d'fhoilsigh Oifig EDS ina dhiaidh sin.

18. IS DÍOL SÁSAIMH DI beartais náisiúnta agus pleananna gníomhaíochta na mBallstát maidir le dul i ngleic le galair ainsealacha neamhtheagmhálacha, lena ndírítear ar é a dhéanamh níos éasca do thomhaltóirí rogha fholláin a dhéanamh faoi 2020[17], lena n-áirítear trí athfhoirmliú bia agus soláthar poiblí a bhaineann le haiste bia fholláin a spreagadh, srian a chur ar mhargaíocht a dhéanann bianna ina bhfuil cuid mhór salainn, siúcra agus saille tarraingteach do leanaí, agus iarrachtaí eile chun cosc a chur ar rómheáchan agus murtall i measc leanaí. I gcoitinne, ba cheart go mbeadh aiste bia níos folláine mar thoradh ar athfhoirmliú agus níor cheart go mbeadh ardú ar an luach fuinnimh mar thoradh air.

19. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé mar chuid lárnach de chreat dlíthiúil an Aontais cur ar chumas na dtomhaltóirí roghanna oilte a dhéanamh faoi aistí bia iomchuí[18].

---

**14** Faoi seach: IO C 213, 8.7.2014, lch. 1.; IO C 269, 23.7.2016, lch. 21; IO L 205, 29.6.2017, lch. 46.

**15** Dearbhú an 5 Iúil 2013 ó airí sláinte agus ionadaithe Bhallstáit na hEagraíochta Domhanda Sláinte sa Réigiún Eorpach.

**16** Féach EUR/RC64/14.

**17** Féach Conclúidí maidir le feabhsú táirgí bia, mír 27.

**18** Féach, *inter alia*, Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maímh chothaitheacha agus sláinte a dhéantar maidir le bianna (IO L 404, 30.12.2006, lch.9), Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18) agus Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

20. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, nuair a ghintear an leanbh, nuair a bhíonn an leanbh á iompar agus na chéad laethanta de shaol an linbh, go bhfuil forbairt dea-nósanna sláintiúla mar cheann de na príomhthosca maidir le hionchas saoil níos faide agus an duine i mbarr a shláinte, sláinte atáirgthe agus forbairt intleachtúil san áireamh. Is féidir le patrúin maidir le cothú a fhorbraítear sna chéad trí bliana an fhreagairt mheitibileach a athrú, rud a d'fhéadfaí a bheith do-inathraithe trí riochtú meitibileach agus trí shásraí eipiginiteacha[19]. Mar sin de, ba cheart, le bearta coisctheacha lena ndírítear ar nósanna cothúcháin a stiúradh, daoine a spreagadh bia ina bhfuil dea-cháilíocht chothaithe ann a ithe ag an aois is luaithe[20], agus cur chuige fadsaoil a leanúint leis sin.

21. AITHNÍONN SÍ go maireann patrúin iompair bunriachtanacha a bhaineann leis an tsláinte agus a fhorbraítear le linn na hóige ar feadh an tsaoil.

22. CUIREANN SÍ i dTREIS go bhfuil ról lárnach ag an timpeallacht shóisialta agus eacnamaíoch maidir le rogha a dhéanamh. Mar sin, ba cheart, le beartais agus le tionscnaimh lena dtugtar aghaidh ar an timpeallacht sin, roghnú na haiste bia fholláin a chur chun cinn agus tacú leis, gan ualach na freagrachta a aistriú go míchuí chuig an duine aonair.

23. AITHNÍONN SÍ nach féidir laghdú ar éagothromaíochtaí sláinte a bhunú ar rogha an duine aonair amháin, ach go gcaithfidh na beartais ábhartha phoiblí ar fad tacú le timpeallachtaí folláine.

---

19 *Global nutrition targets 2025: childhood overweight* [Spriocanna cothúcháin dhomhanda 2025: rómheáchan i measc na n-óg]. *Policy brief* [Faisnéis bheartais].An Ghinéiv:An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2014; Hancox, R. J., Stewart, A. W., Braithwaite, I., Beasley, R., Murphy, R., Mitchell, E. A., et al., 'Association between breastfeeding and body mass index at age 6-7 years in an international survey', *Pediatric Obesity*, Imleabhar 10, Uimh. 4, 2015, lgh. 283-287. Gunnell, L., Neher, J., Safranek, S., 'Clinical inquiries [Fiosruithe cliniciúla]: Does breastfeeding affect the risk of childhood obesity?', *Journal of Family Practice*, Imleabhar 65, 2016, lgh. 931-932. Watson, R. R., Grimble, G., Preedy, V. R., Zibadi, S., eagarthóirí, *Nutrition in infancy*, Springer, Berlin, 2013.

20 *'In the first 2 years of a child's life, optimal nutrition fosters healthy growth and improves cognitive development.* [Sa chéad 2 bhliain de shaol linbh, cothaítear an fás folláin agus cuirtear feabhas ar fhorbairt chognaíoch leis an gcothú is fearr]. *It also reduces the risk of becoming overweight or obese and developing NCDs later in life'.* [Laghdaítear freisin an baol go mbeifear róthrom nó murtallach agus go mbuailfidh galair ainsealacha neamhtheagmhálacha iad agus iad níos sine]. *Healthy diet* [Aiste bia fholláin], EDS, Bileog Eolais 394.
*'The risks presented by unhealthy diets start in childhood and build up throughout life.* [Is le linn na hóige a thagann na baoil a bhaineann le haistí bia mífholláine chun cinn agus leanann siad ar aghaidh ar feadh an tsaoil]. *In order to reduce future risk of non-communicable diseases children should maintain a healthy weight and consume foods that are low in saturated fat, trans-fatty acids, free sugars, and salt'.* [Chun go laghdófaí baol na ngalar neamhtheagmhálacha san am atá le teacht, ba cheart do leanaí a bheith sláintiúil ó thaobh meáchan de agus bia a ithe a bhfuil leibhéal íseal saille sháithithe, aigéad tras-sailleach, siúcraí saora agus salainn ann.]. *WHO - Marketing of foods and non-alcoholic beverages to children*, [EDS - Margú bianna agus deochanna neamh-mheisciúla do leanaí] lch.7.

24. MEABHRAÍTEAR DI go gcaithfear cur chuige maidir sláinte-i-ngach-beartas a chur chun cinn chun go n-éireoidh le beartas coisctheach a bheidh éifeachtach agus uaillmhianach. Beidh comhar i measc gach earnáil ríthábhachtach chun timpeallacht a chruthú ina gcuirfí feabhas ar an tsláinte, agus chun cothromaíocht a aimsiú idir tosaíochtaí coinbhleachtacha agus ilroinnt a sheachaint ag an am céanna. Áirithítear cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí leis sin.

25. MEASANN SÍ go gcuireann beartais eile de chuid an Aontais, amhail an comhbheartas talmhaíochta, leis an gcuspóir atá ann roghanna folláine a chur ar fáil do thomhaltóirí, mar a léiríodh freisin sna conclúidí maidir le 'Todhchaí an Bhia agus na Feirmeoireachta', a ghlac an Uachtaránacht le déanaí ar an 19 Márta 2018 agus 23 thoscaireacht ag tacú léi[21]. AITHNÍONN SÍ a mhéid a chuidítear le torthaí sláintiúla a bhaint amach san Aontas leis an scéim torthaí, glasraí agus bainne do scoileanna agus le sásraí eile a fhaigheann tacaíocht ón gcomhbheartas talmhaíochta sna Ballstáit[22].

26. AITHNÍONN SÍ gur gá aird faoi leith a thabhairt ar leanaí i gcomhphobail atá faoi mhíbhuntáiste shóisialta. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbaineann na deiseanna atá ann maidir le teacht in inmhe ar bhealach sláintiúil nasctha go dlúth le tosca sóisialta. Tá ualach galair an lae inniu fréamhaithe ar an mbealach ina dtugtar aghaidh ar na fachtóirí sóisialta sin agus ar an mbealach ina leithdháiltear ár n-acmhainní agus ina mbaintear úsáid astu[23].

---

21 Cé go bhfuil cuspóirí éagsúla ag an gcomhbheartas talmhaíochta, léirítear leis an gcomhairliúchán poiblí a rinneadh le déanaí nach mór roghanna na dtomhaltóirí a chur san áireamh, lena n-áirítear cinn a bhaineann le táirgeacht éagsúil, úr, orgánach a bheidh níos inrochtana. Léirítear an toradh sin freisin in aithris (10) de na Conclúidí ón Uachtaránacht (7324/18), arna dtacú ag an mBeilg, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an Fhionlainn, an tSualainn, agus an Ríocht Aontaithe.

22 Féach, go háirithe, *Opinion of the High Level Group on Nutrition and Physical Activity*. [Tuairim ón nGrúpa Ardleibhéil maidir le Cothú agus Gníomhaíocht Choirp].

23 *Obesity and inequities* [Murtall agus éagothroime].*Guidance for addressing inequities in overweight and obesity*,[Treoir chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí maidir le murtall agus rómheáchan] EDS, An Oifig Réigiúnach don Eoraip, 2014.

27. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS CÚIS IMNÍ DI go bhféadfaí, leis na roghanna bia atá ar fáil faoi láthair, cur le drochnósanna itheacháin atá ag éirí níos measa, le rómheáchan agus le murtall agus le tosca riosca gaolmhara a bhaineann le galair ainsealacha neamhtheagmhálacha. Táthar in ann teacht ar bhianna ullmhaithe próiseáilte go héasca agus, i gcoitinne, is cuid níos coitianta iad d'aistí bia laethúla daoine. Go háirithe, bíonn sé de ghnás ag daoine óga ithe amuigh níos minice agus mearbhia ina bhfuil leibhéil arda saille, salainn agus siúcra a ithe agus deochanna ina bhfuil cuid mhór siúcra agus deochanna fuinnimh a ól.

28. AITHNÍONN SÍ gur cuid lárnach den treocht maidir le galair ainsealacha a bhaineann le cothú a aisiompú é éagsúlacht bia a chaomhnú, chomh maith le haistí bia traidisiúnta sláintiúla amhail aiste bia na Meánmhara, an aiste bia Nordach nó aistí bia réigiúnacha eile a chaomhnú, agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar inacmhainneacht agus ar tharraingteacht táirgí séasúracha úra araon, chomh maith le hinacmhainneacht agus tarraingteacht bia ina bhfuil leibhéil ísle saille, siúcra agus salainn.

29. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS CÚIS IMNÍ DI gur grúpa leochaileach tomhaltóirí iad leanaí ar beag an chosaint atá acu ar mhargaíocht trí bhealaí nua-aimseartha amhail urraíocht, suíomh táirgí (taispeántais díolphointe), promóisean díolachán, trasphromóisin ina mbíonn daoine cáiliúla, sonóga branda nó pearsantaí cáiliúla, suíomhanna gréasáin, pacáistiú, lipéadú, ríomhphoist agus teachtaireachtaí téacs, freagracht shóisialta chorparáideach agus gníomhaíochtaí daonchairdiúla atá nasctha le deiseanna brandála, chomh maith le cumarsáid trí 'margaíocht mhearscaipthe' agus ó bhéal[24]. Léirítear leis an bhfianaise go n-imríonn fógraíocht tionchar ar roghanna bia leanaí, ar iarrataí ceannacháin agus ar phátrúin tomhaltais[25]. Léirítear freisin gur minic a bhfuil sé an-deacair, mura bhfuil sé beagnach do-dhéanta, ag na tuismitheoirí rialú go héifeachtach sna cásanna seo.

24 Féach WHO - *Marketing of foods and non-alcoholic beverages to children*, [EDS - Margú bianna agus deochanna neamh-mheisciúla do leanaí] , lch.7.

25 WHO *Final Report on Ending Childhood Obesity* [EDS An Tuarascáil Chríochnaitheach maidir le Deireadh a Chur le Murtall i Measc Leanaí].

30. MEABHRAÍONN SÍ go ndéantar, faoi Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí meán closamhairc[26], spreagadh a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse meán cóid iompair a fhorbairt maidir le teachtaireachtaí tráchtála closamhairc míchuí, in éineacht nó in áireamh le cláir do leanaí faoi bhianna agus deochanna ina bhfuil cothaithigh agus substaintí a bhfuil éifeacht chothaitheach nó fhiseolaíoch acu, go háirithe iad siúd amhail saill, aigéad tras-sailleach, salann/sóidiam agus siúcraí, nach moltar an iomarca acu a ithe thar an iomlán. Tugann sí dá haire go léirítear leis na cleachtais a dhéanann roinnt Ballstát go bhféadann na cóid iompair a bheith i gcomhréir leis na moltaí a bhaineann le haiste bia fholláin.

31. MEABHRAÍONN SÍ gur gá an meánmhéid a itheann tomhaltóirí an Aontais d'aigéad tras-sailleach a laghdú, rud a aithnítear freisin sa rún a ghlac Parlaimint na hEorpa ar an 26 Deireadh Fómhair 2016[27].

32. TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is cúis imní di go bhféadfadh sé nach mbeadh na cineálacha éagsúla cur chuige maidir le rialáil a dhéantar faoi láthair ar an margadh ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal náisiúnta chomh héifeachtach agus a bheadh rialáil a dhéanfaí ar an margadh trasteorann ar fud an Aontais, agus aird á tabhairt ar an ngné trasteorann a bhaineann leis an bhfadhb, maidir leis na meáin dhigiteacha go háirithe.

33. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na tairbhí a bhaineann le hidirphlé il-gheallsealbhóra lena spreagtar freagracht shóisialta eiticiúla i measc na n-oibreoirí gnó bia uile, amhail feirmeoirí agus iascairí, monaróirí, miondíoltóirí, lónadóirí agus bialanna. AITHNÍONN SÍ an meon atá ag roinnt geallsealbhóirí agus cuid de na bearta a rinne siad trí bhíthin gealltanais dheonacha a thabhairt faoi Chlár AE maidir le Cothú, Gníomhaíocht Choirp agus Sláinte, lena n-áirítear i réimse na margaíochta[28]. Is féidir dreasachtaí a chruthú do gheallsealbhóirí d'fhonn comhchleachtais níos éifeachtaí agus níos eiticiúla a bhunú maidir le margaíocht bia le leanaí, ar bia é sin ina bhfuil a lán saille, salainn agus siúcraí, trí idirghníomhaíocht agus uaillmhian a mhéadú ar leibhéal an Aontais agus gealltanais níos uaillmhianaí a thabhairt lena gcuirfí feabhas nithiúil ar aistí bia leanaí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh sé go mbeadh gá le bearta reachtacha i gcás nár leor féinrialáil amháin.

---

26 IO L 95, 15.4.2010, lch. 1.

27 P8_TA(2016)0417.

28 *Voluntary commitments of the members of the EU platform for action on diet, physical activity and health* [Gealltanais dheonacha bhaill ardán an Aontais maidir le gníomhaíocht ar aiste bia, gníomhaíocht choirp agus sláinte].

34. IARRANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn maidir le moltaí EDS a chur chun feidhme maidir le margaíocht bia agus deochanna neamh-mheisciúla le páistí, i gcomhréir le prionsabal leas an linbh agus leis an oibleagáid atá ar an Aontas go n-áiritheofaí leibhéal ard cosanta le haghaidh na sláinte poiblí i bhforbairt agus i gcur chun feidhme a chuid beartas agus a chuid gníomhaíochtaí uile.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

35. Leanúint le beartais spriocdhírithe a bhaineann le galair neamhtheagmhálacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme, bunaithe ar chur chuige iomlánaíoch dar teideal 'Sláinte sna Beartais Uile' agus ar chomhordú ilearnálach, i gcomhréir le plean gníomhaíochta domhanda 2013-2020 maidir le cosc agus rialú na ngalar neamhtheagmhálach agus á chur san áireamh gur fachtóir tábhachtach amháin i measc fachtóirí eile é an cothú, agus iad ag díriú go háirithe ar an méid a leanas:

(a) rannchuidiú le táirgí agus bianna inacmhainne séasúracha úra sláintiúla a fhástar go háitiúil a chur ar fáil d'fhonn an rogha is fusa a dhéanamh den rogha fholláin, ar bianna iad sin nach bhfuil a lán saille, salainn nó siúcra iontu;

(b) tacú le comhar idir údaráis sláinte, talmhaíochta agus oideachais, agus ar an gcaoi sin creat a chruthú lena gcuirfear chun cinn bia sláintiúil, inbhuanaithe agus úr le haghaidh béilí naíolanna agus scoile;

(c) deiseanna a chur ar fáil chun caidreamh níos láidre a bhunú le feirmeoirí, táirgeoirí bia, miondíoltóirí, lónadóirí agus oibreoirí gnó bia eile d'fhonn infhaighteacht na dtáirgí lena dtugtar tacaíocht d'aiste bia fholláin a éascú agus d'fhonn cur chun cinn bianna agus deochanna próiseáilte ina bhfuil a lán saille, salainn agus siúcra a laghdú;

(d) breathnú ar thacú le tionscnaimh lena músclaítear feasacht agus lena dtugtar treoir, de réir mar is iomchuí, a dhírítear ar leanaí, tuismitheoirí agus oideoirí, cúramóirí agus soláthróirí bia i saoráidí oideachais, maidir le aiste chothrom bia agus le faisnéis lena n-aithnítear na roghanna bia atá cothaitheach inacmhainne áisiúil, na dáileoga cuí, minicíocht an tomhaltais agus eolas ar conas a tháinig sé 'ón bhfeirm go dtí an forc';

(e) timpeallacht mhurtallaigineach a chomhrac go gníomhach, go háirithe in áiteanna ina dtagann leanaí le chéile, amhail saoráidí oideachais leanaí, ionaid cúraim leanaí agus saoráidí spóirt, trí bhíthin rogha bia agus dí a tháirgeadh a thacaíonn le haiste chothrom bia fholláin, a áirithiú nach ndéantar iarrachtaí margaíochta i saoráidí oideachais agus i saoráidí spóirt, lena n-áirítear urraíocht a dhéanann brandaí agus cuideachtaí a chuireann bianna agus deochanna chun cinn a bhfuil a lán saille, salainn agus siúcraí iontu, agus cleachtais soláthair a spreagadh lena gcuirtear an tsláinte chun cinn;

(f) a áirithiú nach mbeidh tionchar míchuí tráchtála ar chumarsáid agus ar chomhairleoireacht maidir le cothú, agus nach mbeidh ann do choinbhleachtaí leasa;

(g) breathnú ar chláir bainistithe meáchain a thabhairt isteach in ionaid cúraim phríomhúil, trí bhíthin cur chuige bunaithe ar an teaghlach, do leanaí atá murtallach, agus ar cláir iad a bheidh bunaithe ar fhianaise;

(h) tacú le gairmithe sláinte rannchuidiú go gníomhach le mná atá ag iompar clainne, naíonáin, leanaí, déagóirí, tuismitheoirí agus teaghlaigh agus comhairle ghairmiúil a thabhairt do na grúpaí sin freisin, chun feabhas a chur ar chomhairleoireacht agus ar fhaireachán a bheidh bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí maidir le cothú atá ar fáil, d'fhonn a áirithiú go mbeidh aistí bia fholláin acu cibé aois iad;

(i) leanúint le beathú cíche a spreagadh i gcomhréir leis na moltaí náisiúnta nó idirnáisiúnta[29], lena n-áirítear trí shrian a chur le margaíocht na n-ionadach bainne cíche;

(j) méadú a dhéanamh, tríd an oideachas, tríd an lipéadú agus trí mhodhanna eile, ar a ábhartha atá an fhaisnéis bhia ó thaobh na sláinte poiblí de, lena n-áirítear faoi chuimsiú an chomhair dhéthaobhaigh agus iltaobhaigh agus an chomhair ar leibhéal an Aontais;

(k) a áirithiú go háirithe go ndéantar freastal ar leanaí ó chúlra íseal socheacnamaíoch agus ar leanaí atá i staideanna leochaileacha agus rannpháirtíocht na leanaí sin a áirithiú freisin.

---

[29] Féach *Global Strategy for Infant and Young Child Feeding*, EDS agus UNICEF, 2003.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

36. I gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus aird á tabhairt ar shainiúlachtaí, cultúir agus traidisiúin áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, faoi cheannasaíocht na n-údarás sláinte poiblí agus bia:

(a) daoine agus a sláinte a chur i gcroílár gach beartais agus gníomhaíochta, lena n-áirítear trí phlé a dhéanamh go trédhearcach ar an ról atá ag an Aontas faoi láthair agus a bheidh aige feasta an tsláinte phoiblí a chosaint i gcomhthéacs an phlé a rinneadh maidir le todhchaí na hEorpa;

(b) tacú le beartais maidir le cothú, bia agus gníomhaíocht choirp, ar beartais iad lena dtugtar tosaíocht do chearta an linbh, agus ar an gcaoi sin tacú le hinfheistíocht san Eoraip a bheidh ann amach anseo ina mbeidh glúine óga sláintiúla;

(c) cur chuige straitéiseacha bheith acu lena gcuirtear gnéithe sláinte san áireamh i mbeartais eile, rud a moladh sna conclúidí ón gComhairle maidir le 'Sláinte sna Beartais Uile'[30];

(d) leanúint le taithí agus dea-chleachtais a mhalartú agus le tacú le comhar deonach idir earnálacha amhail an tsláinte, an talmhaíocht, an t-oideachas, an trádáil, an t-airgeadas, an cánachas, an spórt agus an eolaíocht maidir le beartais chun cuidiú le méadú ar sholáthar táirgí inacmhainne séasúracha úra lena gcuirfear aiste bia fholláin ar fáil agus maidir le lipéadú agus margaíocht bia, d'fhonn feabhas a chur ar an tsláinte san Aontas;

(e) feasacht a mhúscailt i measc feirmeoirí agus iascairí faoi riachtanais tomhaltóirí, faoin tábhacht a bhaineann le táirgeadh a thacaíonn le treoirlínte cothaithe náisiúnta, agus faoi na tairbhí a thagann le scéimeanna agus marcanna cáilíochta le haghaidh an táirgthe áitiúil agus séasúraigh lena dtugtar dearbhú gur cuid d'aiste bia fholláin na táirgí sin;

---

30 Conclúidí ón gComhairle a glacadh ar an 30 Samhain 2006 (16167/06).

(f) leanúint le tacú le cur chun feidhme phlean gníomhaíochta an Aontais 2014-2020 maidir le murtall i measc leanaí, go háirithe maidir le beartais agus gníomhaíochtaí ag a mbíonn tionchar trasteorann, amhail timpeallachtaí níos folláine a chur chun cinn, an rogha is fusa a dhéanamh den rogha fhholláin, srian a chur le margaíocht agus fógraíocht le leanaí, agus soláthar poiblí a chur chun cinn lena dtacófar le roghanna níos folláine agus le gníomhaíocht choirp; na geallsealbhóirí lena mbaineann a mhealladh tuilleadh chun gníomhaíocht fhreagrach a dhéanamh, chun tograí féinrialála a chur san áireamh nó chun breathnú ar bhearta rialála a ghlacadh nuair is gá chun na spriocanna atá beartaithe a bhaint amach;

(g) d'fhonn leanaí agus daoine óga a chosaint ar an bhfógraíocht trasteorann, agus aird á tabhairt ar thionchar trasteorann pacáistíochta táirgí agus margaíochta táirgí, tionscnaimh a ullmhú, a athbhreithniú agus a neartú lena ndírítear ar laghdú a dhéanamh ar an méid a fheiceann leanaí agus déagóirí den mhargaíocht agus den fhógraíocht i meáin ar bith, lena n-áirítear ardáin ar líne agus na meáin shóisialta, agus de chineálacha eile urraíochta nó cur chun cinn i ndáil le bianna ina bhfuil an-chuid fuinnimh, saillte sáithithe, aigéad tras-sailleach, siúcra agus salainn nó bianna nach gcomhlíonann treoirlínte cothaithe náisiúnta nó idirnáisiúnta;

(h) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh tionscnamh deonach náisiúnta agus comhlíonadh tionscnamh de chuid an Aontais lena ndírítear ar an tionchar a laghdú a bhíonn ag margaíocht an bhia ina bhfuil a lán saille, salainn agus siúcra ar leanaí;

(i) bearta a mholadh chun na gealltanais náisiúnta agus gealltanais an Aontais a neartú, lena n-áirítear (i) critéir chothaitheacha fhianaise-bhunaithe (ii) síneadh a chur leis an ngealltanas go n-áireofaí sna gealltanais sin gach leanbh agus gach páiste mionaoiseach, (iii) gach cineál margaíochta a chur san áireamh, amhail suíomh táirgí, an urraíocht, an cur chun cinn in ollmhargaí, pacáistíocht an táirge agus úsáid charachtair agus shonóga an bhranda, ionas go mbeadh fógraíocht agus margaíocht i dtionscal an bhia comhsheasmhach le gealltanais idirnáisiúnta; dul chun cinn a dhéanamh maidir le bearta lena bhféadfaí feabhas a chur ar thionscnaimh den chineál sin agus bearta lena gcumhdaítear codanna den speictream margaíochta nach dtugtar aird orthu faoi láthair;

(j) leanúint le tacú le bearta chun margaíocht trasteorann a rialáil go héifeachtach, faireachán a dhéanamh ar fhorbairt meán nua, meastóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht na mbeart atá ann faoi láthair, ar bearta iad sin atá dírithe ar an méid a fheiceann leanaí agus daoine óga d'fhógraíocht an bhia a tharchuirtear trí na meáin dhigiteacha a laghdú, lena n-áirítear trí na meáin shóisialta, chomh maith le féachaint an féidir réitigh a aimsiú i gcomhphlé leis na rialálaithe agus leis na meáin;

(k) feachtais oideachais agus faisnéise a chur chun cinn lena ndírítear ar fheabhas a chur ar thuiscint faisnéise bia, chomh maith le teicnící margaíochta, go háirithe i dtimpeallachtaí teaghlaigh, oideachais agus spóirt;

(l) tacú le tionscadail taighde is freagairt do riachtanais beartais sláinte, amhail taighde ar na nithe seo a leanas: staidéir inchomparáide ar chur chun cinn na sláinte agus ar thomhaltas; tuiscint níos fearr ar nósanna cothaithe, patrúin tomhaltais agus tionchar aistí bia traidisiúnta amhail aiste bia na Meánmhara, an aiste bia Nordach nó aistí bia agus táirgí traidisiúnta eile ar fud na hEorpa; measúnú ar an méid den mhargaíocht bia, den fhaisnéis faoi bhia agus suíomh bia a fheiceann leanaí; rómheáchan agus murtall a chosc i measc leanaí in aoisghrúpaí éagsúla agus i dtimpeallachtaí éagsúla; measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag substaintí nuálacha nó breiseáin ar an tsláinte; feabhsú táirgí bia; fianaise a chur le chéile faoi bhearta beartais sláinte poiblí agus faoi mheasúnuithe tionchair sláinte na mbeartas eile;

(m) díriú ar fheabhas a chur ar sholáthar an táirgthe inacmhainne úir séasúraigh áitiúil trí bhíthin tacaíocht d'fheirmeoirí beaga a neartú, slabhra an tsoláthair bia a ghiorrú, bonneagair a chur chun cinn d'fhonn díol bianna neamhphróiseáilte (amhail margaí táirgeoirí áitiúla) agus cosc ar chleachtais éagóracha trádála a chur chun cinn, agus trí bhíthin FBManna agus miondíoltóirí a spreagadh teacht ar réitigh inbhuanaithe freagracha chun bia a chur ar fáil atá leorchothaitheach le haghaidh aiste bia fholláin;

(n) leanúint le sainaithint, bailiú agus comhroinnt faisnéise ar leibhéal an Aontais maidir leis na cleachtais is fearr agus leis na bearta náisiúnta lena gcuirtear cur chuige iomlánaíoch ar fáil i dtaca le timpeallachtaí a chruthú i naíolanna agus scoileanna lena gcuirfí an tsláinte chun cinn, agus leanúint, chomh maith, le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le bearta den sórt sin a chur chun feidhme, agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngníomhaíocht chomhpháirteach maidir le cothú agus gníomhaíocht choirp a rinneadh roimhe seo á gcur san áireamh ag an am céanna;

(o) plé a dhéanamh le chéile agus, i gcás inarb iomchuí, dea-chleachtais bhailíochtaithe a chur chun feidhme i réimse an chothaithe agus na gníomhaíochta coirp ionas go mbeidh toradh orthu sin níos tapúla agus níos éifeachtaí le haghaidh saoránach, lena n-áirítear faoi chuimsiú an Ghrúpa Stiúrtha um Chur Chun Cinn agus Cosc[31];

(p) aird a thabhairt ar éilimh na dtomhaltóirí agus CBT a chur in oiriúint feasta trí thacú le héagsúlacht agus cáilíocht agus ar an gcaoi sin cur le soláthar éileamh-dhírithe bianna inacmhainne úra áitiúla séasúracha, rud a chuirfidh le haiste bia fholláin inbhuanaithe. Féachaint an féidir an tionchar a chur san áireamh a d'fhéadfadh a bheith ar an méid seo a leanas ag na cleachtais chun tacú leis an talmhaíocht: nósanna cothaithe daonraí, slabhraí soláthair níos giorra, scéimeanna bainne, torthaí agus glasraí i scoileanna, tionscnaimh chun feabhas a chur ar an tuiscint agus ar an eolas i measc leanaí scoile faoi na háiteanna as a dtagann bia, amhail cuairteanna ar fheirmeacha;

(q) oibriú le chéile chun tacú le beartais agus le bearta d'fhonn dul i ngleic le galair neamhtheagmhálacha agus leis an murtall i measc leanaí, agus ar an gcaoi sin ardleibhéal cosanta le haghaidh na sláinte poiblí a áirithiú i ngach tionscnamh agus i ngach togra laistigh den mhargadh inmheánach.

31 https://ec.europa.eu/health/non_communicable_diseases/steeringgroup_promotionprevention_ga

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH**

37. Leanúint le tús áite a thabhairt don tsláinte phoiblí, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna ag a bhfuil tábhacht trasteorann, amhail margaíocht bia le leanaí, feabhsú táirgí bia, lipéadú, comhdhlúthacht an mhargaidh i slabhra an tsoláthair bia, agus tionscadail taighde is freagairt ar riachtanais sláinte poiblí, agus é mar sprioc deiridh acu feabhas a chur ar thorthaí sláinte san Aontas.

38. Tacú leis na Ballstáit agus iad ag malartú, ag scaipeadh agus ag aistriú na gcleachtas is fearr i réimse an chothaithe agus na gníomhaíochta choirp chun feabhas a chur ar chur chun cinn na sláinte, ar chosc agus ar bhainistiú na ngalar neamhtheagmhálacha, agus tacú freisin lena dtionscnaimh atá dírithe ar chomhar cuimsitheach lánpháirtithe ilearnálach a dhéanamh agus ar chur chuige 'Sláinte sna Beartais Uile' a chur chun feidhme.

39. Cur leis an dul chun cinn atá bainte amach ag an nGrúpa Ardleibhéil maidir le Cothú agus Gníomhaíocht Choirp[32], agus breis tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit maidir le treoirlínte i réimse an tsoláthair phoiblí le haghaidh bia.

40. Leanúint le gealltanas níos uaillmhianaí a mhealladh ó na páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais lena ndíreofar ar bheartais margaíochta cothroime freagraí d'fhonn cur leis an méid a foghlaimíodh cheana agus le samplaí rathúla amhail Clár AE maidir le Cothú, Gníomhaíocht Choirp agus Sláinte.

41. Agus é á chur san áireamh gur dúshlán domhanda é an mhargaíocht le leanaí a rialáil, ar margaíocht í ag a bhfuil foirmeacha éagsúla agus gur cheart aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin ar leibhéal an Aontais, breathnú ar dheiseanna chun creat an Aontais a neartú trí chritéir a shuí, treoirlínte faisnéiseacha a eisiúint, tacú le feachtais agus maoirseacht a choinneáil ar bun, d'fhonn an tionchar diúltach a bhíonn ag margaíochta bia trasteorann ar shláinte leanaí a laghdú.

[32] an Grúpa Ardleibhéil maidir le Cothú agus Gníomhaíocht Choirp, a bunaíodh d'fhonn ról rialtais an Aontais (agus CSTE) a neartú agus iad ag gníomhú in aghaidh an rómheáchain agus an mhurtaill.

42. Sineirgí a neartú i dtionscadail de chuid Fís 2020 idir na hearnálacha ábhartha uile.

43. Féachaint ar na deiseanna ar fad atá ann leanúint le tacú le beartais agus tionscnaimh na mBallstát faoi chuimsiú na n-ionstraimí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, amhail an tríú clár le haghaidh gníomhaíochta i réimse na sláinte poiblí[33], an Comhbheartas Talmhaíochta, cistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa agus Fís 2020, agus lena áirithiú go mbeidh sásraí inbhuanaithe ann amach anseo chun díriú ar an ngá le hinfheistíocht a dhéanamh i ndaoine.

---

[33] Féach Rialachán (AE) Uimh. 282/2014.